INSTITIÚID OIDEACHAIS MARINO

SCRÚDÚ ATRIALACH FAOI THEASTAIS GHAEILGE, FÓMHAR 2020

SCRÚDÚ LE hAGHAIDH CÁILÍOCHTA SA GHAEILGE

PÁIPÉAR II – 100 MARC

(80 MARC ANSEO AGUS 20 MARC DO 'TEANGA AGUS CULTÚR')

Uair agus leathuair an chloig don pháipéar seo (10.00-11.30). Dhá cheist a fhreagairt, ceist amháin as gach Roinn.

ROINN A

PRÓS

Freagair Ceist 1 nó Ceist 2

1. "Buachaill óg fiosrach machnamhach is ea Muiris sa sliocht 'Mo Thuras Abhaile Dhom', as *Fiche Blian ag Fás*, le Muiris Ó Súilleabháin."
Pléigh an tuairim sin agus tabhair fianaise ón sliocht mar thacaíocht le do fhreagra.

(40 marc)

2. "Ceistíonn an scéal, 'Iníon Rí na Cathrach Deirge', le Angela Bourke, cothromaíocht chóras an chleamhnais."
Déan an ráiteas sin a phlé agus tagair don scéal mar thacaíocht le do fhreagra.

(40 marc)

ROINN B

FILÍOCHT

Freagair Ceist 3 nó Ceist 4

3. "Is dán binbeach feargach é an dán 'Máthair', le Nuala Ní Dhomhnaill."
Déan an ráiteas sin a phlé agus tagair don dán mar thacaíocht le do fhreagra.
(40 marc)

MÁTHAIR

Do thugais dom gúna
is thógais arís é;
do thugais dom capall
a dhíolais i m'éagmais;
do thugais dom cláirseach
is d'iarrais thar n-ais é;
do thugais dom beatha.

Féile Uí Bhriain
is a dhá shúil ina dhiaidh.

Cad déarfá
dá stracfainn an gúna?
dá mbáfainn an capall?
dá scriosfainn an chláirseach
ag tachtadh sreanga an aoibhnis
is sreanga na beatha?
dá siúlfainn le haill
thar imeall Cuas Cromtha?
Ach tá's agam do fhreagra, -
le d'aigne mheánaoiseach
d'fhógrófá marbh mé,
is ar cháipéisí leighis
do scríobhfaí na focail
mí-bhuíoch, scitsifréineach.

4. "Tá tábhacht ar leith ag meafar an cheoil sa dán 'Ceol an Bhainne', le Bríd Dáibhís."
Déan an ráiteas sin a phlé agus tagair don dán mar thacaíocht le do fhreagra.
(40 marc)

CEOL AN BHAINNE
(do Mháire Sheán Shiúnach)

Tá Máire ag bleán sa bhuaile,
Glúin amháin feachta,
A ceann le ceathrú na bó
Tá sí deighilte uainn
Go ceann tamaill.

Airím ceol an bhainne
Agus é ag baint leis an stán;
Ceol ársa a cumadh i bhfad siar.
Tá cogaint na círe
Ag teacht leis an rithim,
Le hardú is ísliú na lámh,
Leis an steall ar chúr an lachta.

Guíonn Bríd Pheadar Mháirtín
Bail ó Dhia ar an obair
Ag dul thar bráid di.
Is cuí an bheannacht í
In ionad 'Haigh!'
Agus bainne na beatha
Á thál orainn.